IRAAL
Cumann na Teangeolaíochta Feidhmí
Irish Association for Applied Linguistics

Call for Papers: Teanga Volume 25

Dear Colleagues,

We are writing to invite you to submit original and unpublished papers (up to 6,000 words), project reports (up to 2,000 words) and book reviews for Teanga, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics Volume 25.

The peer-reviewed journal Teanga (the Irish word for 'language') was first published by IRAAL in l979. Originally devoted exclusively to papers presented at IRAAL seminars and conferences, Teanga now includes the best of these papers, as well as book reviews, research and project reports, and other significant contributions in applied linguistics. Since 2016, Teanga has been published as a bilingual, open-access online academic journal, commencing with Volume 24. The current editors are Stephen Lucek, Colin Flynn and Úna Bhreathnach.

The deadline for submissions is February 28, 2018. Authors will be notified by June 1, 2018 of the preliminary review outcome. Detailed guidelines for manuscripts and proposals will be sent upon request. Submissions should also include, separately, the following information: author's name, article title, institutional affiliation, and email address. All contributions will be reviewed on a double-blind basis before final review by the editors. Publication of the journal is scheduled for the IRAAL Annual Conference in November 2018.

Subject material for Teanga includes, but is not limited to, the following:

Applied Linguistics	Cognitive Linguistics	Pragmatics
Theoretical Linguistics	General Linguistics	Psycholinguistics
Pedagogy	Historical Linguistics	Semantics
CALL	Language Documentation	Syntax
Language Teacher Training	Lexicography	Terminology
Corpus Linguistics	Morphology	Text
Computational Linguistics	Neurolinguistics	
	Phonetics	

Best Regards,
The Editors

Submission Timeline:
February 28, 2018: Submission of full papers
June 1, 2018: Decisions of acceptance or rejection sent to Authors
November 2018: Publication of Teanga 25

teangajournal@gmail.com

IRAAL
Cumann na Teangeolaíochta Feidhmí
Irish Association for Applied Linguistics

Gairm ar pháipéir: Teanga, Eagrán 25

A Chomhghleacaithe,

Tá muid ag scríobh chugaibh le cuireadh a thabhairt daoibh bunpháipéir neamhfhoilsithe (suas le 6,000 focal), tuairiscí ar thionscadail (suas le 2,000 focal) agus léirmheasanna ar leabhair a chur isteach chuig Teanga, iris Chumann na Teangeolaíochta Feidhmí.

D'fhoilsigh Cumann na Teangeolaíochta feidhmí (IRAAL) an iris phiarmheasta Teanga don chéad uair i 1979. Ar dtús, bhí sí dírithe ar pháipéir a cuireadh i láthair ag seimineáir agus comhdhálacha IRAAL, ach anois cuirtear san áireamh an chuid is fearr de na páipéir seo mar aon le léirmheasanna ar leabhair; tuairiscí ar thaighde, ar thionscadail agus ar imeachtaí tábhachtacha eile na teangeolaíochta feidhmí. Ó 2016, tá Teanga á foilsiú mar iris dhátheangach acadúil a bhfuil rochtain oscailte uirthi, ag tosú le hEagrán 24. Is iad Stephen Lucek, Colin Flynn agus Úna Bhreathnach na heagarthóirí reatha.

Is é 28 Feabhra, 2018 an spriocdháta d'aighneachtaí. Cuirfear toradh an réamhphróisis léirbhreithnithe in iúl d'údair faoi 1 Meitheamh, 2018. Seolfar miontreoracha do scríbhinní má iarrtar iad. Ní mór an t-eolas seo a chur le haighneachtaí: ainm an údair, teideal an ailt, an institiúid lena mbaineann an t-údar, agus seoladh ríomhphoist an údair. Déanfar piarmheasúnú dall dúbailte ar gach alt sula ndéanann na heagarthóirí an measúnú deireanach ar an saothar. Tá sé i gceist an iris a fhoilsiú aimsir Chomhdháil Náisiúnta IRAAL i Samhain 2018.

Cuirfear fáilte roimh ailt ar na hábhair seo a leanas, ach níltear teoranta dóibh:

Teangeolaíocht Fheidhmeach	Teangeolaíocht Chognaíoch	Pragmataic
Teangeolaíocht Theoiriciúil	Teangeolaíocht Ghinearálta	Síctheangeolaíocht
Oideolaíocht	Teangeolaíocht Stairiúil	Séimeantaic
Foghlaim Ríomhchuidithe Teanga	Doiciméadú Teangacha	Comhréir
Oiliúint Múinteoirí Teanga	Foclóireacht	Téarmeolaíocht
Teangeolaíocht Chorpais	Deilbhíocht	Téacs
Ríomhtheangeolaíocht	Néaraitheangeolaíocht	
	Foghraíocht	

Le gach dea-ghuí,
Na hEagarthóirí

Imlíne d'Aighneachtaí:
Feabhra 28, 2018: Ailt iomlána a aighniú
Meitheamh 1, 2018: Cinntí faoi ghlacadh nó faoi dhiúltú le seoladh chuig údair
Samhain 2018: Foilsiú Teanga 25

teangajournal@gmail.com